Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024
(OR. en)

10345/24
PV CONS 27
COMPET 593
IND 283
MI 543
RECH 248
ESPACE 53

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

23 agus 24 Bealtaine 2024

**<u>CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 23 BEALTAINE 2024</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 9934/24.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

<u>AN SPÁS</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Dlí Spáis an Aontais: slándáil, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 9370/24 |
| 3. | Beartas Eorpach Spáis - ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle | | 9344/24 + ADD 1 |
| 4. | Conclúidí maidir le 'hiomaíochas na hEorpa a neartú tríd an spás'<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 9318/24 |

<u>AN TAIGHDE</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **Rialachán maidir le tionscnamh EuroHPC do ghnólachtaí nuathionscanta chun ceannaireacht na hEorpa san intleacht shaorga iontaofa a neartú (Bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 188 CFAE)**<br>*Comhaontú polaitiúil* | 2 C<br>(*) | 9700/24 |

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil sa doiciméad mar a leagtar amach thuas é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **Moladh ón gComhairle maidir leis an tslándáil taighde a fheabhsú (Bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 292 agus Airteagal 182(5) CFAE)**<br>*Glacadh* | 2 C<br>(*) | 9831/24<br>**9097/24**<br>+ 9097/1/24 REV 1<br>**(en)** |

Ghlac <u>an Chomhairle</u> téacs an mholta mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **Conclúidí maidir le luachshocrú an eolais**<br>*Formheas* | 2 | 9330/1/24 REV 1 |

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

**8.** **Conclúidí maidir leis an meastóireacht ex post ar Fhís 2020** 9329/1/24 REV 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

**9.** **Taighde agus nuálaíocht maidir le hábhair shárfhorbartha** 9333/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**Aon ghnó eile**

An Spás

10. (a) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

(b) Dlús a chur le húsáid an spáis san Eoraip[1] 9485/24
*Faisnéis*

Taighde

(c) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

[1] Cur i láthair ó Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis (GES).

**CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 24 BEALTAINE 2024**

**11. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9937/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9938/24

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

**Treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí** ❶C 9264/**1**/24 **REV 1** + ADD 1 PE-CONS 9/24 DRS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 15.5.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin, an Ghearmáin, an Liotuáin, Málta, an Ostair, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 50(1), 50(2), pointe (g) agus 114 CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód Teorainneacha Schengen** ❶C 9743/1/24 REV 1 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 40/24 **+ COR 1 (el)** JAI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 15.5.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSlóivéin agus an Spáinn ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 77(2), pointí (b) agus (e), agus Airteagal 79(2), pointe (c) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN TIONSCLAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

12. Conclúidí maidir le tionsclaíocht Eorpach iomaíoch, a chuireann dlús faoin todhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach — 9893/24 + ADD 1
*Formheas*

13. Conclúidí maidir le Margadh Aonair a théann chun tairbhe do chách — 9715/24 +ADD 1 REV 1
*Formheas*

14. Conclúidí maidir leis an tuarascáil speisialta uimh. 28/2023: Margaí poiblí san Aontas - Níos lú iomaíochta maidir le conarthaí le haghaidh oibreacha, earraí agus seirbhísí idir 2011 agus 2021 — 9963/24
*Formheas*

**Aon ghnó eile**

**15. (a) Cumarsáid maidir le bith-theicneolaíochtaí** — 9163/1/24 REV 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(b) Dearbhú aireachta ag deireadh chruinniú D9+** — 9760/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÉireann*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hÉireann ar fáil.

**(c) Pacáiste beartais carbóin inbhuanaithe Eorpach do thionscal na gceimiceán** — 10082/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fraince, na hÍsiltíre, na hÉireann, na Seicia, na Spáinne, na Slóvaice agus na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Fraince, na hÍsiltíre, na hÉireann, na Seicia, na Spáinne, na Slóvaice agus na Rómáine ar fáil.

**(d)** ***Reinforcing European Industry to boost competitiveness*** **[Tionsclaíocht an Aontais a threisiú chun borradh a chur faoin iomaíochas]** — 10158/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne, thar ceann thoscaireachtaí na Portaingéile, na Gréige agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Spáinne ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Portaingéile, na Gréige agus na Spáinne.

Is i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

**(e)** **Tograí reachtacha reatha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

(i) **Rialachán maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE** — 12234/23 + ADD 1

(ii) **Rialachán maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála** — 12976/23 + **12976/1/23 REV 1 (en)**

(iii) **Rialachán maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) 816/2006** — 8901/23 + ADD 1

(iv) **Pacáiste maidir leis an laghdú 25 % ar an ualach riaracháin** — 10157/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(f)** **An gá atá le deireadh a chur le srianta soláthair críochacha ar an margadh aonair** — 9757/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Beilge, na Cróite, na Danmhairge, Lucsamburg, na Seicia agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hÍsiltíre ar fáil, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Beilge, na Cróite, na Danmhairge, Lucsamburg, na Seicia agus na Slóvaice.

**(g)** **Gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú (dearbhú leictreonach)** [2] 10061/24 **10336/24**
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Gearmáine, na Seicia agus na Liotuáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Gearmáine, na Seicia, na Liotuáine, na hÉireann, na Polainne, na Gréige, na Slóivéine, na hUngáire agus na Portaingéile ar fáil.

**(h)** **Dearbhú ó Airí Eorpacha maidir le hearraí piriteicniúla a rialáil agus a chomhchuibhiú sa mhargadh aonair** [2] 10160/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Beilge, na hÍsiltíre agus Lucsamburg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Beilge, na hÍsiltíre agus Lucsamburg ar fáil.

(i) Faisnéis faoin gcinneadh a rinne údaráis na Stát Aontaithe le déanaí maidir le taraifí nua ar liosta allmhairí ón tSín 10068/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

(j) Lá an Iomaíochais 10067/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(k) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8, mír 2, de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9938/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN LIOTUÁIN AGUS ÓN tSLÓVAIC**

'Is cinnte gur thacaigh an Eastóin, an Liotuáin agus an tSlóvaic le haidhm ghinearálta na treorach maidir le cearta an duine agus an comhshaol a chosaint agus ba dhíol sásaimh dóibh an aidhm sin. Táimid cinnte go bhfuil ról tábhachtach agus ríthábhachtach ag cuideachtaí, go háirithe na fiontair mhóra, ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, ós rud é go mbíonn tionchar suntasach ag modhanna táirgthe earraí agus seirbhísí ar an gcomhshaol agus ar phrionsabail chearta an duine.

Mar sin féin, tá sé curtha in iúl againn go mion minic le linn na caibidlíochta gur réamhriachtanas iad oibleagáidí díchill chuí atá soiléir indéanta chun cuspóirí na treorach a chomhlíonadh. Is cúis imní dúinn i gcónaí go bhféadfadh cur i bhfeidhm forálacha atá doiléir ó thaobh an dlí de ualach riaracháin iomarcach a chruthú do na Ballstáit agus do chuideachtaí araon, agus go bhféadfadh sé sin an t-iomaíochas a laghdú. Eadhon, in ainneoin raon feidhme níos cúinge an téacs chríochnaithigh, tá líon mór na bhfiontar beag agus meánmhéide fós go hindíreach faoi oibleagáidí na treorach trí shlabhra na ngníomhaíochtaí.

Go sonrach, cruthaíonn loighic na hIarscríbhinne ceisteanna fós maidir le conas oibleagáidí atá sothuigthe go dlíthiúil a fhoirmiú sa dlí náisiúnta agus, ag an am céanna, oibleagáidí aontaithe a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, gné eile a bhaineann le cur chun feidhme ar cúis imní í is ea dliteanas sibhialta a chur i bhfeidhm maidir le sáruithe ar oibleagáidí doiléire. Ina theannta sin, feicimid go gcuireann an rochtain ar bhearta ceartais san fhoráil maidir le dliteanas sibhialta isteach go míchuí agus gan ghá ar dhlí náisiúnta na mBallstát. Ar deireadh, d'fhéadfadh na hábhair imní sin, lena n-áirítear na débhríochtaí amháin, difear tromchúiseach a dhéanamh do thrasuí na treorach sa dlí náisiúnta.

Mar achoimre, in ainneoin roinnt feabhsuithe ag an nóiméad deireanach, ní thugtar aghaidh sa téacs críochnaitheach ar na hábhair imní sin agus, dá bhrí sin, táimid buartha i gcónaí faoin ualach díréireach a chruthófar do na Ballstáit agus do na cuideachtaí. Tá sé chomh tábhachtach céanna a chur in iúl nach ndearnadh caibidlíocht cheart ag an nóiméad deireanach sin maidir leis na leasuithe ar an téacs. Dá bhrí sin, ar an drochuair, d'imigh próiseas caibidlíochta na treorach ó na rialacha maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus is cúis imní dúinn go bhféadfadh sé sin a bheith ina fhasach don todhchaí.

Sa chomhthéacs a leagtar amach thuas, ar an drochuair, ní féidir leis an Eastóin, leis an Liotuáin ná leis an tSlóvaic an téacs críochnaitheach a fhormhuiniú agus staonfaidh siad ón vótáil.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na hUngáire, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leis an méid sin agus leis an reachtaíocht náisiúnta, is é an léirmhíniú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' tagairt do 'gnéas' agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne, mar 'dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dícheall cuí corparáideach inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód Teorainneacha Schengen**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS ÓN SPÁINN

'Tá Schengen ar cheann de na torthaí is follasaí ar phróiseas lánpháirtithe an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá sé ar cheann de na sócmhainní is infheicthe agus is bunúsaí de chuid an Aontais agus aithníonn ár saoránaigh amhlaidh. Dá bhrí sin, measann an Spáinn gur gá gach leasú a dhéantar ar Chód Teorainneacha Schengen a bheith comhréireach chun bunbhrí limistéar Schengen a chaomhnú agus chun sláine *acquis* Schengen a choinneáil.

Tá athchóiriú Chód Teorainneacha Schengen ríthábhachtach i gcónaí chun na bearta agus na huirlisí is gá a chur ar fáil don chomhlimistéar gan teorainneacha inmheánacha le go bhféadfar an tsaoirse gluaiseachta a chaomhnú, agus a áirithiú go mbeidh an comhlimistéar slán ag an am céanna.

I ndáil leis an méid sin, chuir an Spáinn in iúl arís agus arís eile gur cúis imní di cuid de phríomhfhorálacha an togra agus go bhfuil sí ina gcoinne.

Ar an gcéad dul síos, mar gheall ar na féidearthachtaí méadaithe a bheadh ann go ndéanfaí rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus mar gheall ar fad an bhirt sin. Tá níos mó i gceist le hurramú phrionsabal an riachtanais agus na comhréireachta ná díreach dáta beacht a shocrú chun na rialuithe teorainneacha inmheánaí a dhíothú. Thar aon ní eile, mar atá curtha in iúl ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh arís agus arís eile, is éard atá i gceist leis go n-áiritheofaí nach gcuirfear prionsabal na saorghluaiseachta daoine i mbaol agus freagairt choiteann a thabhairt ar chásanna a mbíonn éifeacht thromchúiseach acu ar an ord poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. Measann an Spáinn go bhfuil na teorainneacha ama maidir le fadú na rialuithe teorann inmheánaí dá bhforáiltear sna leasuithe díréireach i dtéarmaí an tsínidh agus go mbeidh tionchar diúltach acu ar ghnáthfheidhmiú limistéar Schengen agus ar an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit.

Ar an dara dul síos, measann an Spáinn gurb é atá i gceist leis an nós imeachta maidir le daoine a ghabhtar i limistéir teorann a aistriú (Airteagal 23a) nach gcaithfí rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le mír 5 d'Airteagal 23a, measann an Spáinn nach mbeidh an nós imeachta maidir le haistriú indéanta ach amháin i gcásanna nár athbhunaíodh na rialuithe teorann inmheánaí. Níor cheart a chinneadh ar bhonn déthaobhach gur de chineál malartach an nós imeachta sin seachas ina bheart comhlántach i ndáil le rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú. Ba cheart é a bheith, ina ionad sin, mar chuid de chomhthuiscint agus de chur chun feidhme comhchuibhithe ar fud an Aontais, a bheadh bunaithe ar an bprionsabal nár cheart rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú go sealadach ach amháin ar bhonn eisceachtúil agus mar rogha dheireanach. Sa chomhthéacs seo, ní bheidh an Spáinn in ann aontú leis an nós imeachta sin a úsáid i gcreat déthaobhach comhair i gcásanna inar bhfuiltear tar éis rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú. Ina theannta sin, measfar an nós imeachta sin maidir le haistriú a bheith ar cheann de na bearta malartacha éagsúla atá ar fáil do na Ballstáit chun feabhas a chur ar an iontaoibh fhrithpháirteach. Dá bhrí sin, ní bheidh sé ina réamhchoinníoll ar bhealach ar bith go mbainfidh Ballstát rialuithe teorann inmheánaí agus beidh sé bunaithe ar an dá Bhallstát lena mbaineann a bheith ag glacadh leis go frithpháirteach. Ar deireadh, measann an Spáinn nach bhforáiltear leis na leasuithe do na coimircí is gá chun an nós imeachta maidir le haistriú a chur i bhfeidhm maidir le mionaoisigh neamhthionlactha.

Meabhraíonn an Spáinn nach mór cur i bhfeidhm agus léirmhíniú an Rialacháin a bheith i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cásdlí socraithe CBAE, atá ríléir i mbreithiúnais a tugadh le déanaí in 2022 agus 2023.
Dá bhrí sin, tá an Spáinn ag staonadh ó dhearbhú an chomhaontaithe maidir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha.'

**<u>RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN</u>**

'Aithníonn Poblacht na Slóivéine gur gá Rialachán (AE) 2016/399 a leasú chun borradh a chur faoi athléimneacht Limistéar Schengen agus na rialacha atá ann cheana a chur in oiriúint do dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn. Is mór againn na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht na Beilge chun teacht ar chomhaontú polaitiúil le Parlaimint na hEorpa, go háirithe maidir leis na bearta atá le déanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Measaimid, áfach, nach dtugtar sa téacs comhréitigh críochnaitheach (6331/24) na dearbhuithe riachtanacha ná leordhóthanacha go ndéanfaí staid reatha Schengen a leigheas agus, ar deireadh, sláine ár gcomhlimistéir a fheabhsú, dá ndéanfaí na rialacha maidir le rialuithe teorann a athbhunú go sealadach.

Is díol sásaimh don tSlóivéin go bhfuil coimircí tábhachtacha áirithe sa chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat ginearálta chun rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú go sealadach (go haontaobhach); coimircí chun a áirithiú gur beart eisceachtúil a bheidh ann, é comhréireach leis an mbagairt thromchúiseach a sainaithníodh agus le húsáid mar rogha dheiridh. De mheon an chomhréitigh, níor chuireamar i gcoinne bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí ná ar an tslándáil inmheánach a eascraíonn as gluaiseachtaí neamhúdaraithe mórscála náisiúnach tríú tír a bheith á háireamh mar fhorais fhéideartha chun rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú. Mar sin féin, tá an tSlóivéin den tuairim go bhféadfadh an creat a bheith níos uaillmhianaí agus go bhféadfaí rialachas níos láidre ar limistéar Schengen a áirithiú trí Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bheith páirteach sa nós imeachta, ós rud é go bhféadfadh sé sin cur leis an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit.

Ag an am céanna, cé gur dearfach go bhfuil uasteorainneacha ama le leagan síos chun rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú go haontaobhach (in imeachtaí intuartha), leanann an tSlóivéin dá tuairim gur rófhada í tréimhse 3 bliana mar fhad féideartha uasta. Creidimid go bhfuil tréimhse 2 bhliain fada go leor chun aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtúil ar an mbagairt thromchúiseach as ar eascair athbhunú na rialaithe ar an gcéad dul síos trí bhearta malartacha a úsáid, lena n-áirítear na bearta sin a thugtar isteach nó a fheabhsaítear leis an rialachán nua seo, agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta idir na Ballstáit chomharsanachta. Ina theannta sin, cé go gcuirtear san áireamh sa chomhaontú sealadach breithiúnas CBAE an 26 Aibreán 2022 i gcásanna uamtha C-368/20 agus C-369/20, nach bhféadfadh an bhagairt thromchúiseach chéanna a bheith mar fhorais chun an beart a fhadú níos faide ná 3 bliana, tá sé fós mar phríomhchúis imní againn nach bhfuil aon ráthaíochtaí leordhóthanacha ann go gcuirfí deireadh iomlán leis na rialuithe teorann inmheánaí fadtréimhseacha – an staid atá ann inniu – nó go ndéanfaí iad a chéimniú amach nó a sheachaint sa todhchaí (ach go bhféadfaidís leanúint ar aghaidh, fiú dá bhféadfaí deireadh a chur leis an mbeart ar bhonn gearrthéarmach).

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóivéine ag staonadh dá bhrí sin ón vótáil i ndáil leis an téacs comhréitigh críochnaitheach le haghaidh comhaontú i ndáil leis an *Togra maidir leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha.*'

## **RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Le hAirteagal 23a agus Iarscríbhinn XII de Chód Teorainneacha Schengen, bunaítear nós imeachta aistrithe idir Ballstáit maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhrialta agus a ghabhtar i limistéir teorann.
Leis na forálacha sin, bunaítear módúlachtaí le haghaidh nós imeachta aistrithe den sórt sin is féidir leis na Ballstáit a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach laistigh de chreat comhar déthaobhach.
Laistigh den chreat comhar déthaobhach sin, d'fhéadfadh na Ballstáit, agus na prionsabail agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 23a á n-urramú acu, a shamhlú go bhféadfaí an nós imeachta aistrithe a úsáid i gcásanna áirithe ag an tráth a thugtar rialuithe teorann isteach an athuair má bhíonn údar leis an úsáid sin i bhfianaise na gcúinsí áitiúla agus ar bhonn anailís riosca.

D'fhéadfadh socruithe a bheith sa chreat comhar déthaobhach maidir le cineál rannpháirtíochta na n-údarás inniúil náisiúnta sna seiceálacha arna ndéanamh sna limistéir teorann chun críoch an nós imeachta aistrithe. D'fhéadfaí a áireamh ann freisin socruithe maidir le comhroinnt faisnéise idir na húdaráis náisiúnta inniúla ionas go gcoinneofar na húdaráis náisiúnta ábhartha go léir ar an eolas maidir leis na seiceálacha a dhéantar sa chreat sin, go háirithe nuair nach bhfuil siad i láthair go fisiceach le linn na seiceálacha.'